**POLASAÍ & CLEACHTAS GAEILGE**

## Scoil Lán-Ghaeilge

- Is í an Ghaeilge teanga na cumarsáide, an spraoi agus an tsóisialaithe i nGaelscoil Thaobh na Coille. Ciallaíonn sé sin go dtugtar áit lárnach don Ghaeilge mar:
  - theanga labhartha na scoile
  - theanga chumarsáide agus gnó na scoile
  - theanga teagaisc agus foghlama i ngach ábhar (seachas Béarla)
  - theanga chumarsáide ag na múinteoirí, na daltaí agus gach gné den scoil.

## An Tumoideachas

- Is modh foghlama é an tumoideachas, córas a chuidíonn le leanaí an Ghaeilge a shealbhú go nádúrtha trí eispéireas laethúil i dtimpeallacht lán-Ghaeilge.
- Cuirtear fáilte roimh gach páiste sa scoil is cuma cén cúlra teanga atá acu.
- Is i nGaeilge amháin a labhraítear leis an bpáiste ón uair a thagann sé/sí ar scoil den chéad uair.
- Is é an córas luath-thumoideachas iomlán atá i bhfeidhm sa scoil. Dá réir, ní mhúintear Béarla go dtí an dara téarma sna naíonáin shinsearacha, ar a luaithe.
- Cothaíonn an cur chuige seo an deis do gach páiste líofacht sa Ghaeilge a bhaint amach chomh luath agus is féidir.

## Múinteoireacht

- Múintear gach ábhar ar chlár Curaclam na Bunscoile trí mheán na Gaeilge ach amháin an Béarla.
- Déantar na scileanna réamhléitheoireachta, réamhscríbhneoireachta agus scileanna réamh-mhata go hiomlán trí Ghaeilge.
- Tosaítear an léitheoireacht i dTeanga 1 (T1: an Ghaeilge) ar dtús sna naíonáin shóisearacha mar atá leagtha síos ag an gCuraclam Athbhreithnithe. Tosaítear ar an léitheoireacht i dTeanga 2 (T2: Béarla) ón dara théarma sna naíonáin shinsearacha, ar a luaithe.
- Tabharfar gach míniú, soiléiriú, sainmhíniú ar fhocail, ar théarmaí agus araile trí mheán na Gaeilge i ngach ábhar seachas Béarla.

## Cumarsáid

- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na ndaltaí i gcónaí ar an gclós, ar fud na scoile, ar thurasanna scoile agus ag gach imeacht scoile, cibé áit a reáchtáiltear iad.
- Is cuid lárnach de chód iompair na Gaelscoile labhairt na Gaeilge. Spreagtar agus moltar úsáid

na Gaeilge i gcónaí, agus tugtar gach tacaíocht chun cumas agus muinín an pháiste sa Ghaeilge a fhorbairt mar ghnáth-theanga chumarsáide. Mura n-éiríonn le spreagadh agus tacaíocht amháin, úsáidtear céimeanna an chóid iompair chun cabhrú leis an bpáiste an Ghaeilge a úsáid go muiníneach agus go rialta.

- Trí shampla agus cleachtas maith na múinteoirí agus na foirne, glacfaidh na daltaí le polasaí na Gaeilge. Dá réir sin, úsáidtear an Ghaeilge go leanúnach i ngach gné den lá scoile, sa seomra ranga agus lasmuigh de, idir fhoireann, le daltaí agus le cuairteoirí (más féidir).

**Tuismitheoirí**

- Iarrtar ar thuismitheoirí, chaomhnóirí agus gach duine bainteach leis an scoil cuidiú linn 'Gaeltacht' a chruthú trí Ghaeilge (pé méid atá acu) a úsáid timpeall na scoile, go háirithe agus iad ag teacht ar scoil nó ag bailiú na bpáistí.
- Moltar go mór iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a úsáid aon uair is féidir sa bhaile agus lasmuigh d'uaireanta scoile – fiú mura bhfuil i gceist ach cúpla focal, frásaí gearra, nó abairtí beaga ó am go chéile.
- Má theastaíonn ó thuismitheoir/chaomhnóir labhairt leis an múinteoir ranga agus é/í i mbun ranga, iarrtar ar an tuismitheoir/caomhnóir Gaeilge a labhairt.
- Cuireann dearcadh dearfach i leith na Gaeilge sa bhaile go mór lenár n-obair agus le leas an pháiste.

**Bord Bainistíochta**

- Feidhmeoidh an Bord Bainistíochta tré mheán na Gaeilge.
- Freagróidh an Bord do riachtanais na dtuismitheoirí trína chinntiú go mbeidh siad:
    - rannpháirteach in oideachas a bpáistí,
    - rannpháirteach i gcur chun cinn na scoile agus na Gaeilge, m.sh. ranganna Gaeilge a spreagadh nó cainteanna faoi úsáid na Gaeilge sa bhaile a eagrú.
- Tabharfar tacaíocht do mhúinteoirí nó bhaill foirne nach bhfuil líofacht acu sa Ghaeilge chun freastal ar chúrsa le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha agus scríofa.
- Cinnteoidh an Bord Bainistíochta, an Príomhoide agus foireann na scoile go gcloítear leis an bPolasaí Gaeilge seo.

Faomhaíonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille Polasaí Gaeilge Ghaelscoil Thaobh na Coille mar atá luaite thuas.

Sínithe : Máire Mac Gabhann Máire Mac Gabhann (Cathaoirleach)
Dáta: 03/11/2025

*Tá tosaíocht ag an leagan Gaeilge den pholasaí seo má tá éagsúlacht ar bith idir an leagan Gaeilge agus leagan Béarla den pholasaí.*

Gaelscoil
Thaobh na Coille
Beatha teanga í a labhairt

**POLICY & PRACTICE**

**Scoil Lán-Ghaeilge – All-Irish School**

- Irish is the language of communication and socialisation in Gaelscoil Thaobh na Coille. This means that Irish is:
    - the spoken language of the school
    - the business and communication language of the school
    - the teaching and learning language in every subject except English
    - the language of communication of the teachers, the pupils and all aspects of the school.

**An Tumoideachas – Immersion Education**

- Immersion education is a learning methodology that helps children acquire Irish naturally through daily experience in an Irish-medium environment.
- All children are welcome in our school irrespective of linguistic background.
- Irish is the only language spoken to the child when he/she comes to school for the first time and there on after
- The early total immersion method of language acquisition is used in the school and English is there for not taught until the second term in senior infants, at the earliest.
- This approach enables children to achieve a fluency in Irish as early as possible.

**Múinteoireacht - Teaching**

- Every subject on the Primary School Curriculum except English, will be taught through the medium of Irish only.
- Pre-reading, pre-writing, and pre-mathematic skills is taught through Irish only.
- As laid down in the Revised Curriculum Reading in Language 1 (L1 Irish) will be introduced first to the pupils in junior infants. Reading in Language 2 (L2 English) will be introduced no earlier than the second term in senior infants.
- Every meaning, explanation and definition of words, terms etc. will be given through the medium of Irish in every subject except English.

**Cumarsáid - Communication**

- It is the policy of the Gaelscoil that Irish is the language of communication among pupils always in the school playground, on the school grounds. on school trips and during all school activities, no matter where they take place.

- Speaking Irish is a central component of the Gaelscoil's code of behaviour. The use of the Irish language is promoted and encouraged through motivation and praise and every support is given to develop the child's ability and confidence in Irish as a normal language of communication. If encouragement and support alone are not successful, the steps outlined in the code of conduct are used to help the child use Irish confidently and at all times.
- Through the example and good practice of teachers and staff, pupils will embrace the Irish language policy. Accordingly, Irish is used consistently in every aspect of the school day, inside and outside of the classroom, amongst staff, with pupils and with visitors (if possible)

**Tuismitheoirí – Parents**

- Parents, guardians and everyone involved with the school are asked to help us create a 'Gaeltacht' by using Irish (whatever level they have) around the school, especially when arriving at school or collecting the children.
- Parents are encouraged to use Irish whenever possible at home and outside of school hours – it doesn't matter if it only includes a 'cúpla focal', short phrases or the odd sentence here and there.
- If a parent/guardian wishes to speak with a class teacher while they are in charge of a class, the parent/guardian is requested to speak "as Gaelige".
- A positive attitude towards the Irish language in the home reinforces the work we do in school and is of great benefits to the child.

**Bord Bainistíochta - Board of Management**

- The Board of Management will operate through the medium of Irish.
- The Board of Management will respond to parents' needs by ensuring that they
  - participate in their children's education.
  - participate in the promotion of the school and the Irish Language e.g. encourage Irish classes, talks regarding the use of Irish at home, encouraging and promoting and working for the language.
- The Board of Management will encourage and support teachers and staff members to develop their standard of Irish by attending courses.
- The Board of Management, the Principal, the staff should play their part in ensuring that the Irish Language policy of the school is followed.

The Management Board of Gaelscoil Thaobh na Coille ratifies the Irish Language Policy of Gaelscoil Thaobh na Coille as mentioned above.

Sínithe : Máire Mac Gabhann ____ Máire Mac Gabhann (Cathaoirleach)

Dáta: 03/11/2025

*The Irish language version of this policy takes precedence where there is a discrepancy between the Irish and English language versions*